GX1274

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
Scrúdaithe an tSamhraidh 1999.
An Chéad Scrúdú Ollscoile.

Stair. Éire sa bhfichiú haois.

Seán Ó Dufaigh
Máire Harris
M.A.G. Ó Tuathaigh

Ceithre cheist le freagairt. Am ar fáil: Dhá uair a chloig.

Freagair ceist amháin, ar a laghad, as gach Roinn.

Roinn A.

1. Pléigh an tábhacht a bhaineann leis an sliocht thíos den Chlár Daonlathach ar ghlacadh leis ag an gCéad Dáil.

2.Pléigh an tábhacht a bhaineann leis na sleachta thíos den Chonradh Angla-Éireannach.

3. Pléigh an tábhacht a bhaineann leis na sleachta thíos d'óráid cháiliúil De Valera sa bhliain 1943.

4. Pléigh cúlra an Chomhaontuithe Angla- Éireannaigh agus tábhacht na sleachta thíos.

Roinn B.

5. ' Maidir le Sinn Féin, agus na páirtithe eile a shíolraigh uaithi, bhí an clár cultúrtha chomh maith leis an gclár polaitiúil a bhí acu-san go léir an-éagsúil ar fad leis an gclár a bhí ag Páirtí Náisiúnach John Redmond roimh 1914'. Do bharúil faoi seo.

6. 'Mar a tharla, bhí an ceart ag Aondachtaithe nuair a mheas siad go mbeadh a gcearta sibhialta agus a gcearta creidimh i mbaol dá mbainfedh Éire saoirse amach'. An tuairim seo a phlé.

7. 'Ba chúramach, cháiréiseach amach is amach iad na polasaithe eacnamaíochta agus sóisialta a lean Cumann na nGaedheal sna fichidí '. Do bharúil faoi.

nó

' In ainneoin a cháil a bheith maíte go glórach, bhí bonn tionsclaíoch eacnamaíocht Thuaisceart Éireann go mór faoi bhrú sna blianta idir an dá chogadh'. Do bharúil faoi seo.

8. An féidir a rá nár fágadh ach ról imeallach ag na mná sa tréimhse tar éis bhunú an stáit ?

9. 'Cé gur bhraith na Caitlicigh gur caitheadh go dona leo i dTuaisceart Éireann, cheap na Protastúnaigh gur beag bonn a bhí lena ngearáin'. An ráiteas seo a phlé.

nó

Tabhair do mheas ar an dtuairim gur geall le 'stát Caitliceach laistigh de stát' an pobal Caitliceach i dTuaisceart Éireann.

10. 'Bhain Fianna Fáil buntáiste suntasach polaitiúil as an bpolasaí eacnamaíochta a lean an páirtí sa tréimhse 1932-45, sa mhéid is gur tháinig fás agus forbairt ar bhonn tacaíochta an pháirtí'. An ráiteas seo a phlé.

Roinn C

11. 'Bhíomar saor ó aon cheangal míleata, ach ní rabhamar neodrach ó thaobh na h-ídé-eolaíochta de'. Cad is dóigh leat den mbreithiúntas seo ar pholasaí eachtrach na hÉireann tar éis 1945?

nó

'Cibé díograis a bhí ann do pholasaí 'cosantach' i réimse na h-eacnamaíochta nó i gcúrsaí cultúir, ní raibh sé riamh d'aidhm ag polasaí eachtrach an stáit, -Éire do choimeád gearrtha amach ar fad ó bheartais nó ó chórais chaidrimh idirnáisiúnta'. Do bharúil faoi seo.

12. 'Bhí comhrialtas na tréimhse 1948-51 chomh Caitliceach agus chomh poblachtánach le rialtais Fhianna Fáil a chuaigh roimhe'. An tuairim seo a phlé.

13. 'Sna blianta i ndiaidh an chogaidh (*post* -1945), bhí go leor fadhbanna agus dúshláin chomónta, ó thaobh na h-eacnamaíochta de, ag an dá stát in Éirinn; ina measg, féachaint conas ab fhearr ineistíocht a mhealladh isteach ón iasacht'. Do bharúil faoi seo.

nó

' Má bhí staraithe áirithe ag deireadh na n-ochtóidí ar a ndícheall ag iarraidh míniú a thabhairt ar cén fáth gur 'theip' ar straitéis forbartha an stáit Éireannaigh, laistigh de thréimhse ghairid is é an scéal a bhí á phlé ag na staraithe céanna ná éachtaí an tíogair Cheiltigh.'. Cad ba chúis leis an athrú poirt ?

14. Cén t-athrú a tháinig ar chúiseanna gearáin na gCaitliceach i dTuaisceart Éireann sa tréimhse 1968-72 ?

15. Cad iad na cúinsí a chabhraigh leo siúd a bhí ag iarraidh stádas na mban a athrú ó na seascaidí i leith ?

16. 'B'iad na blianta 1958-65 na blianta inar thosnaigh na fórsaí a mhúnlaigh Éire na linne seo ag dul i bhfeidhm go cinniúnach ar an dtír'. Do bharúil faoi seo.

nó

'Is i réimse an oideachais is fearr a thagaimíd ar thús tuisceana ar na mór-athraithe bunúsacha a tharla in Éirinn ó na seascaidí i leith'. An ráiteas seo a phlé.